2025/2581

19.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2581 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2144 ón gCoimisiún lena gcuirtear allmhairí próitéine pise de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1], agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Lúnasa 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') fógra lena dtionscnaítear imscrúdú frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí próitéine pise de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne [2] ('Fógra an 29 Lúnasa 2025').

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2144 [3] ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún allmhairí próitéine pise de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe.

(3) Le linn an imscrúdaithe, chuir roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara in iúl don Choimisiún gur féidir an táirge faoi imscrúdú a aicmiú faoi chóid áirithe Ainmníochta Comhcheangailte ('AC') nár luadh i bhfógra an 29 Lúnasa 2025. Leasaigh an Coimisiún Fógra an 29 Lúnasa 2025 chun na cóid AC sin agus na cóid TARIC chomhfhreagracha a chur leis.

(4) Ba cheart allmhairí faoi na cóid AC agus TARIC sin a bheith faoi réir a gcláraithe freisin. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2144 a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2144:

'*Airteagal 1*'

'Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim, faoi Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036, na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun allmhairí isteach san Aontas a chlárú i gcás allmhairí próitéine pise, ina bhfuil níos ná 65 faoin gcéad de phróitéin ar bhonn an mheáchain thirim, lena gcuimsítear gach cineál próitéine pise a dhíorthaítear ó phiseanna (lena n-áirítear piseanna machaire buí agus piseanna machaire glasa, ach gan a bheith teoranta dóibh sin), i ngach foirm fhisiceach (lena n-áirítear foirmeacha soladacha (e.g. púdar) agus leachtacha (tuaslagán)), bídís uigithe nó ná bídís, atá faoi láthair faoi chóid AC:

— ex 3504 00 90 (cód TARIC 3504 00 90 91),

— ex 2106 10 20 (cód TARIC 2106 10 20 40),

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
[2] IO C, C/2025/4850, 29.8.2025 ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4850/oj.
[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2144 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2025 lena gcuirtear allmhairí próitéine pise de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe (IO L, 2025/2144, 22.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2144/oj).

— ex 2106 10 80

(Cóid TARIC:

— 2106 10 80 31,

— 2106 10 80 39 agus

— 2106 10 80 71),

— ex 2106 90 92 (cóid TARIC 2106 90 92 75),

— ex 2303 10 90 (cód TARIC 2303 10 90 10),

— ex 2309 10 11,

— ex 2309 10 13,

— ex 2309 10 15,

— ex 2309 10 19,

— ex 2309 10 31,

— ex 2309 10 33,

— ex 2309 10 39,

— ex 2309 10 51,

— ex 2309 10 53,

— ex 2309 10 59,

— ex 2309 10 70,

— ex 2309 10 90,

— ex 2309 90 10,

— ex 2309 90 20 (cód breise TARIC 8G60),

— ex 2309 90 31

(cód TARIC:

— 2309 90 31 12,

— 2309 90 31 14,

— 2309 90 31 17,

— 2309 90 31 19,

— 2309 90 31 30,

— 2309 90 31 51,

— 2309 90 31 59,

— 2309 90 31 61,

— 2309 90 31 69,

— 2309 90 31 81 agus

— 2309 90 31 91),

— ex 2309 90 33,

— ex 2309 90 35,

— ex 2309 90 39,

— ex 2309 90 41,

— ex 2309 90 43,

— ex 2309 90 49,

— ex 2309 90 51,

— ex 2309 90 53,

— ex 2309 90 59,

— ex 2309 90 70,

— ex 2309 90 91(cód breise TARIC 8G60),

— ex 2309 90 96

(cód TARIC:

— 2309 90 96 31,

— 2309 90 96 39,

— 2309 90 96 51,

— 2309 90 96 59,

— 2309 90 96 61,

— 2309 90 96 69,

— 2309 90 96 91 agus

— 2309 90 96 95)

de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN